**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 2 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret – an Danmhairg) – Ligebehandlingsnævnet ag gníomhú thar ceann A v HK/Danmark, HK/Privat**

**(Cás C-587/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar aois – Treoir 2000/78/CE – Airteagal 3(1)(a) agus (d) – Raon feidhme – Post mar uachtarán tofa ar eagraíocht oibrithe – Reachtanna na heagraíochta seo lena bhforáiltear gurb iad na comhaltaí atá incháilithe don uachtaránacht na comhaltaí nach bhfuil 60 nó 61 bliain d'aois slánaithe acu ar lá an toghcháin agus iad siúd amháin)***

(2022/C 284/04)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Østre Landsret

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Ligebehandlingsnævnet ag gníomhú thar ceann A

*Cosantóirí:* HK/Danmark, HK/Privat

*Idiragraí:* Fagbevægelsens Hovedorganisation

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3(1)(a) agus (d) de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, a léirmhíniú sa chaoi go dtagann teorainn aoise atá leagtha síos i reachtanna eagraíocht oibrithe le haghaidh incháilitheacht d'oifig uachtarán na heagraíochta sin faoi raon feidhme na treorach sin.

[1] IO C 44, 08.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 2 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesgericht Korneuburg – An Ostair) – JR v Austrian Airlines AG**

**(Cás C-589/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompair – Coinbhinsiún Montréal – Airteagal 17(1) – Dliteanas aeriompróirí i gcás báis nó díobhála a bhain do phaisinéir – Coincheap "tionóisc" is cúis le bás nó díobháil – Díobháil choirp a rinnead le linn díbhordála – Airteagal 20 – Díolúine ó dhliteanas an aeriomprόra – Coincheap "faillí, gníomh nó neamhghníomh éagórach eile an phaisinéara gortaithe is cúis leis an damáiste nó a chuir leis" – Titim paisinéir nár bheir greim ar lámh-ráille staighre díbhordála soghluaiste)***

(2022/C 284/05)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht Korneuburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* JR

*Cosantóir:* Austrian Airlines AG